

AN GIOLLA DEACRACH.

Bhí na Fianna Éirinn chuile áit i nÉirinn agus bhíodh siad a fiadhach chuile áit agus bhí tighthe déanta chuile áit acab. Ní raibh siad a fanacht in aon áit amháin a' bith ac gur in aice Bhinn Éudain a bhí an comhnuidhe ceart acab. Bhí cuid acab amuigh a fiadhach agus chonaic siad fear ar Chruaidh Bhinn Éudain agus shíl siad nach mbeadh aon Éirinneach a bhí ann bhí sé fhéin agus a chapall chomh mór sin. Bhí siad a tarringt air go ndeachaidh an cainte leis. D'fhiarruigh siad cé hé no cé hoilean é. "Chuala mé caint ariamh" adeir sé "ar na Fianna Éireann agus níl mórán gaisge liom fhéin. Tá mé sach maith le breathnughadh orm, agus tá mé sach maith ar fad is beidh mé a siubhal agus nuair a thuitfhinn i mo chodladh nior mhaith liom mé dhúiseacht." "Coingéochadh muide tú" adeir siad "agus tiubhrfhidh muid paigh dhuit réir mar is fiú thú." "Caithfhidh sibh áit a thabhairt do no chapall freisin" adeir sé "an aonfheacht le na gcuid caiple fhéin." "Deanfhaidh sin" adeir siad.

Chuir siad an capall an aonfheacht le na gcuidcaiple fhéin agus bhí sé fhéin ag imteacht an aonfheacht leothab a fhiadhach agus ní raibh aon fhear faoi'n domhan a dheanfheadh an oiread maitheasa dhóib leis ach go mbeadh sé laéteannta nach neirigheóchaidh sé chor a' bith. Nuair a bhíodh siad a fiadhach ansoin níl mórán áit in Éirinn nach mbíodh cruinniughadh acab. Ní fhanfhadh mórán acab sa mbaile ach an oiread is bíodh a faireadh an chósta ach is an aonfheacht leis an chuid acab a dfanfhadh sa mbaile a bhíodh a Giolla Deacrach bhí sé i ngar a bheith bliadhain ann ansoin agus d'éirigh Conán amach lá agus chonaic sé capall an Ghiolla Deacrach ag ithe na gcaiple eile "Is olc an dalta é seo a tháinig againn" adeir "ach bainfhidh mise sasamh dhe." Chuaigh ceire feara déug acub a marcúigheacht ar a' gcapall. "Chuala mé cainnth ariamh ar na Fianna" adeir an Giolla Deacrach "go raibh dligheadh maith acab ach is abab atá na dligheadh is measa a chonnaic mé ariamh" adeir sé "ceitre feara déug acab a dhul a marcúigheacht ar chapall." Tháinig sé fhéin amach ar aghaidh an chapail agus chuir sé a dhá láimh suas as a chionn agus thosuigh sé a rith agus thosuigh an capall a rith ina dhiadh agus níor stop sé a rith go ndeachaigh sé i bhfarrigh agus lean an capall é.

Bhí doctúr ag na Fianna agus ní raibh fear a' bith acab a bfearr ná é sé a bhíodh ag innseacht chuile shórt dhóib agus nuair a chonnaic sé an capall a' rith lean sé í agus tháinig sé suas léithi go díreach mar bhí sí dul i bhfarraigh agus rug sé ar dhrioball uirthi ceapadh go stopfhadh sé í agus ghreamuigh sé dhon drioball. Bhí chúig feara déug acab imtighe agus ní raibh fhios cá ndeachaigh siad. Nuair a tháinig a chuid eile dhe na Fianna ansoin ní raibh aon dhuine rútab mar a raibh triúr nó ceathar agus dubhairt leothab go b'sin é an rud a rinne an Giolla Deacrach. "Níl aon neart am sa air" adeir Fionn "Níl fhios ainne cá bhfuil siad. Níl fhios ainne nach fear as Tír Na nÓg a tháinig dhá dtabhairt leis. Dhá mbeadh fhios ainn cá bhfuil siad gabhfadh muid dhá dtoruigheacht." Ní mórán achair ansoin go dtáinig fear chomh

fada leothab. D'fhiarruigh siad dhe cé hé no cé hoileán é agus "ní maith linn duine a' bith a bheith teacht chomh fada linn" adeir siad.

"Sé'n sórt fear mise" adeir sé "duine atá i ndon soitheach a dheanamh seachtmhain. "Is tusa an fear atá a teastáil uainn" adeir Fionn "agus tá sé chomh maith dhuit deifir a dheanamh leithi" adeir sé má tá tú i ndon í dheanamh." Chuaidh siad ag obair uirthi agus bhí sí déanta acab i ndan a dhul amach ar a' bhfarrige faoi cheann seachtmhaine. Ní raibh fhios acab ansoin cé dtiubhrfhaidh siad a haghaidh. Tháinig fear ansoin chomh fada leóthab. Dfiarruigh siad dhe cé sórt duine é fhéin. "Sé sórt duine mise" adeir sé "ní dheachaigh mé a toruigheacht aon bhlas ariamh nach bhfaghainn." "Is tusa an duine atá a teastáil uainn" adeir Fionn.

Sheól siad leóthab ansoin agus dubhairt an fear go bhfaigheadh sé fhéin amach chuile bhealach dhá ar imtigh an Giolla Deacrach. Bhí siad ag seoladh leóthab ansoin ach sgearr gur dhubhairt fear an eóluis "tá sé dhul amúdh orm" adeir sé. "Donna go leór" adeir Fionn. Bhí an oidhche a' tuitim orrthab agus sgearr go bhfaca siad aill. Tháinig siad isteach faoi bhun na haille agus ní baoghal a bith go raibh crann a' tsoithigh a sroicheadh barr na haille. Bhí siad ann agus má bhí fhéin ní raibh aon chor ann ach an oiread le céibh a'bith. "Gabhfhaidh mé go barr cruinn" adeir Diaramud "agus tiubhrfhaidh mé liom rópa agus caithfidh mé amach é bféidir" adeir sé go bhfaigheadh sé greim an áit eicint agus má fhághann gabhfhaidh mé amach." Chuaigh sé suas agus thug sé leis a chuid airm claimhe agus sleagh. Chuir sé amach an rópa agus chuaidh sé amach.

Bhí sé siubhal leis agus facthas do bhfaca sé mar bheadh teachaín beag agus chuaidh sé isteach. Bhí bean ann agus chuir sí céud míle fáilte roimhe Dhiarmud. Dfreakair Diarmud í. "Bhfuil fhios a'd" adeir sé cé'n talamh é seo a bhfuil mé air nú cé'n tainim atá air". "Tá na Sorachaí" adeir sí. "bhoil" adeir sé "tá muid ag imteacht ar thoruigheacht fir a tugadh uainn" adeir sé. "Ní anseo atá siad" adeir sí. Seo rioghacht mór" adeir sí agus tá rioghacht eile síos faoi. "Ach anois" adeir sí siubhailfidh tú go gcastar tobar ort agus má tá aon reath in tfear ort sgearr go mbeidh fhios a'd é. Tiocfhaidh fathach an tobar. Tá clann Rí na Sorachaí agus tá duine acab shíos agus an ceann eile thuas agus tá siad a dul a troid le chéile agus tá fathach ag chaon dhuine acab. Agus má fhanann tusa ag a tobar tiocfhaidh an fathach chomh fada leat agus ní mór dhuit a bheith i tfear mhaith" adeir sí. Féudfhaidh tú dhul ann anois agus céibrí uair d'imthighóchas an fathach uait beidh tú lotuighthe agus teara chomh fada liomsa agus leigheasfhaidh mé thú.

D'imtigh leis agus chuaidh sé chomh fada leis a tobar agus fuair sé an adhairc agus ní fhaca tú aon tart ariamh mar bhí air agus d'ól sé deoch agus nuair a d'ól sé an tuisge fheicear dhó go dtáinig an oiread eile neart ann. Rinne sé teine chreas ansoin. Thug sé leis bogha saighead agus mharbuigh sé fiadh. D'fheann sé é agus róst sé é agus d'ith sé an meid a d'fhéud sé dhe. Bhí sé an oidhche ansoin agus luigh sé siar agus thuit sé ina chodladh gur airigh sé an la a teacht. Nuair a bhí sé ina lá ansoinn d'eirigh sé agus agus mharbuaigh sé fiadh eile. Bhruigh sé é agus d'ith sé é. D'ól sé a dhothain uisge ansoin agus nuair nuair a bhíodh sé ag ól an uisge a gcomhnuidhe dairigheadh sé an torann agus ní bhíodh fhios aige cé as a mbíodh sé teacht.

Chuaidh sé ansoin go gcuartuigheadh sé an taobh eile dhe'n tobar. Ní raibh sé a bhfad imtighthe ón tobar nuair a chonnaic sé an fathach ag eirigh aníos as. Thosuigh an fathach a siubhal aige agus ní fhaca tú aon fhear ariamh a bhí chomh gléasta ná é. "Fú fá fiosóg" adeir sé faghaim balaith an Éaranaigh bhreagaigh bhradaigh is mó liom dhe ghreim tú is beag liom dhe dhá ghreim thú níl fhios a'm céurd a dheanfhas mé leat." "Níl mise a deanamh tada ort" adeir Diarmud. "Táir" adeir a fathach tá tú ag ithe mo chuid fiadhanna agu ag ól mo chuid uisge." "Má táim" adeir Diarmud "bain thusa a shasamh dhíom." "Thosuigh siad a ghabhail dhe dhá chlainmhe ar a chéile ansoin. Ní raibh fhios cé acab fear a' bfearr na ba dona go raibh sé ina árd tróthnóna agus nuair a bhí sé ina árd trathnóna ní dhearna an fathach ach a dhul síos sa tobar. Bhí Diarmud lothuighthe ansoin agus bhí ocras air. Mharbuigh sé fiadh agus nuair a bhí sé ithte aige chuaidh sé chomh fada leis a' mbean. "Is ait a' fear thú" adeir sí "shíl mé nach raibh aon fhear faoi'n domhan nach mbarbóchaidh an fathach sin. Tiocfhaidh tú chomh fada liomsa aríst san oidhche a mbáireach" adeir sí "agus sin é a bhfeicfhid tú mé níos mú. "Anois" adeir sí thiubhrfhainn se neart le nithe is le n'ól duit ach níl aon mhaith dhuit ann is fearr dhuit an tobar oibriughad agus na fiadhanna."

D'imtigh leis ar ais agus mharbuigh sé fiadh eile agus d'ith sé a mhór dhóthain de agus chuaidh sé a chodladh go maidin lá'r na bháireach. Ar maidin d'eirigh sé agus mharbuigh sé fiadh eile agus d'ith sé. D'airigh sé an smeachaíl a teacht thríd a tobar. Nuair a thainig a fathach aníos d'ionnsuigh siad a chéile agus bhí siad a dhul dhá chéile go raibh sé i ndeireadh lae agus nuair a d'airigh an fathach é fhéin tuirseach thug sé an tobar síos ar fhéin. Bhí Diarmud sáthach lothuighthe ansoin. Tháinig sé chomh fada leis a mbean. Chuir sí iochshlainnte air agus leigheas sí é. Nuair a bhí sé leigheasta aici ansoin thug sí braon dhe'n iochshlainnte dhó i mbosca agus dubhairt sí leis é choingbheal "agus ní tiocfhaidh tú chomh fada liomsa níos mú" adeir sí. Ar bpointe agus ghabhfas tú a' troid leis a' bhfathach a mbáireach brisfear do chlainmhe. Nuair a bhriosfar fáisg isteach faoi'n bfathach agus cuir sa tobar é. Ceapfhaidh tú nach mbeidh tú shíos go bráthach ann ach nuair a bheas thú shíos sát leis a tsleagh é agus tarraing an clainmhe as a láimh agus ní mor dhuit é mar beidh na sluaighthe cruinnighthe ort an uair sin.

Beirt dreathar liomsa atá shíos ansoin ach níl mise a dhul chomh fada leóthab mar tá níos mú rioghaite a'msa ná tá acab fhéin ach marach go dtáinig tusa chomh fada liom ba ghearr é do shaoghal. Beirt dreathar liomsa atá shíos. Ní raibh agam ach an bheirt. Fagadh an rioghacht shuas ag an gceann is sine agus an rioghacht shíos ag an gceann eile. Tá an chuid is mó dhe'n rioghacht shíos bainnte ag an gceann is sine de'n cheann is óige. Tá seisear mac ag an dreathair is sine agus mac leis an fathach. Níl ag a dreatháir eile ach ingeannacha uilig.

Nuair a bheas an fathach marbuighthe a'd sa beidh na sluiaghthe cruinnithe ort agus innsuigh iad sin agus nuair a bheas siad sin marbhadh agat siubhail leat an taobh eile de'n rioghacht má castar dho'n dreatháir eile fhéin thú ní dheanfhaidh sé aon bhlas ort." Nuair a bhí Diarmud ag imteacht chuaidh sí suas agus thug sí craobh anuas. "Seo dhuit í seo" adeir sí "seod í Craobh Ghlas An Éoluis. Éolus a' bith a bheas a teastáil uait níos mú beidh sé a'd fhéin." Bhuaile sé leis an sin go dtáinig sé go dtí an tobar agus mharbhuigh sé fiadh. Bhí sé ina shuidhe ar maidin agus fiadh eile marbh aige agus a dhóthain uisge ólta aige nuair a dairigh sé an tabhairnéis aríst. Tháinig an fathach aige agus d'ionnsuigh siad a chéile. Ní raibh trí

bhuille tairringthe acab ar a chéile nuair a bhris Diarmuid a claimhe. Nuair a bhris rug sé ar a bhfatach chuir sé tunc ann agus agus cuireadh an bheirt acab sa tobar. Bhí siad i ngreim ina chéile go raibh siad shíos agus nuair a bhuail siad talamh chuir Diarmud a' tsleá an agus tharraing sé an claimhe uaid agus bhain sé an claimhe dhe. Bhí cruinnighthe air ansoin dubhadh na gcruic agus breacadh na ngleannta. D'ionnsuigh sé iad agus mharbhuigh sé ar fad iad.

Nuair a bhí siad marbh aige ní raibh duine bith beo le feiceail aige agus thosuigh sé a siubhal leis go dtáinig sé ag coill. Chuaidh sé isteach sa gcoill agus shuidh sé síos faoi bhun an chrainn ba mhú dhá bhfaca sé ceapadh go bhfhaighfheadh sé fasga ó'n stoirim agus thuit sé ina chodladh. Bhí sé ina chodladh ansoin ar feadh na hoidhche agus ar maidin d'airigh sé an claimhe dá bhualadh anuas ar a chlaimhe fhéin. Bhreathnuigh sé suas agus chonaic sé an fear ba breaghtha dá bhfaca sé ariamh. Bhí sé ag eirigh dhe léim. "Éirigh go réidh" adeir a fear "ní námhaid a' bith dhuit mise." "Sin é an chaoi is fearr liom é" adeir Diarmud. "Is ait an fear thú" adeir a fear. "Teanam uait liomsa anois tá gnó maith déanta a'd sa indé". Thug sé leis é go dtug sé isteach é i gcúirt breagh óráilte. Thug sé suas go barr a tigh é san áit a raibh áit aige le dhul síos." "Gabh síos anseo anois" adeir sé. Chuaidh sé síos agus chuir sé ialach air é fhéin a nigheachán agus nuair a bhí sé nighte ní raibh aon lot air nach raibh leigheasta. Thug sé isteach an áit eile é ansoin agus chuile short a bhí le nithe ag Rí ná Prionsa bhí sé ann gur ith sé a dhóthain. Thug sé isteach i seomra eile ansoin a bhí lann le mná agus a gléas ceóil fhéin ag chuile dhuine acab a deanamh siamsa dho. Nuair a bhí a dhóthain siamsa aige dubhairt a fear leis a dhul a chodladh nar mhór do codladh a dheanamh. Thug sé suas é agus chuir sé a chodladh é. Nuair a bhí sé istigh sa leabaidh ansoin "sin iad fir mo dhreathar sa a mharbhuigh tusa" adeir a fear agus tá sé ag iarraidh mise a dhibirt as an áit". "Nuair a bheas mo dhothain codluighthe agamsa" adeir Diarmud". Díbreóchaidh mise eisean.

Nuair a bhí Diarmud na cheithre lá imtighthe". "Dá mbeadh sgéal a' bith ag Diarmud" adeir Fionn "thiochfhadh sé ar ais ach creidim gur marbh ata sé agus is fada a leigh muid é". "Siubhail siad amach as a soitheach agus bhí siad a siubhal leóthab go dtáinig siad ag a tobar. Chonnaic siad a chlaimhe agus píosa dhe fhiadh caithte anonn is anall. "Sin é claimhe Dhiarmuid" adeir fear an eóluis agus sin é an áir a mbíodh sé ag ithe ach níl fhios a'm sa cáil sé imtighthe." "Deanfhaidh muid ar an aghaidh" adeir Fionn. Shiubhail siad leóthab gur casadh fear leóthab chomh breag agus chonnaic siad ariamh. Ar a bpoinnte agus a dtáinig sé suas le Fionn chraith sé láimh leis. Dfiarruigh sé dhíob cá raibh a dtrial ná a dtairringt. D'innish siad dó gur tugadh fir uathab agus gur chuir siad fear amach cheithre la ochoin agus nach bhfuair siad aon tuairisc air. "Bféidir go bhfaighfheadh sib é" adeir a fear. "Ní fhaca mise é ach tá sé chomh maith dhíb a theacht ina tigh liom".

Bhuail siad leóthab go dtug sé isteach i gcúirt bhreagh iad ach bhí bealach fada acab a dhul faoi thalamh. Bhí boird as a chéile le haghaidh béilí thabhairt dóibh. Nuair bhí siad réidh leis a mbéil ansoin tháinig fear isteach agus bhí sé faoi phuiteach ó mhullach a chinn go bún a choise. Diarruigh an Rí dhe céurd a bhí air. "Bí tusa an a faghailt faoi réir" adeir a fear. "Tá Árd Rí an Domhain istigh ar an oileán a toigéal seilbh air. "Céurd tá aige" adeir a Rí. "Tá feadh tamhairc tighthe i dtír le soighthí dubha" adeir a fear. "Bhoil" adeir Fionn "sin é an taistir nach neireochaidh leóthab". Níl mise i ndon aon bhlas a dheanamh" adeir a Rí. "Tá

mo chuid fir uilig marbh". "Céurd a mharbhuighe iad" adeir Fionn. "Fear eicint a tháinig ar an oilean" adeir sé "agus tá sé an aonfheacht leis a Rí eile atá ar an oileán agus tá faithcíos orm go marbóchaidh sé mé fhéin freisin." "Ní mharbhóchaidh aon duine thú" adeir Fionn go bhfhágfaidh muid an toileán.

Shiubhal siad amach. Ar a bpointe is a bhfacas na Fianna thug siad na soithigh orrthab. "Tá mise rádh libh" adeir Fionn "gan an rioghacht seo a thabhachtáil aríst go brách i meall na i ndearmad" agus céibrí cé hiad fhéin d'ímtigh siad. D'fhill na Fioanna ar ais ansoin go bhfuair siad béilí eile. Nuair a bhí an béilí ithte acab "ta sé chomh maith dhuit" adeir Fionn má tá Rí eile ar an oileán muid a thabhairt chomh fada leis go bhfeichfidh muid a bhfuil Diarmud aige". "Cé hiad na fir eile atá sibh a chuartuigheadh" adeir sé. "Cúig feara déag a thug fear a dtugann siad a Giolla Deacreach air uainn" adeir Fionn. "Ní Giolla Deacrach atá air sin chor a bith" adeir a fear i dTír na nGealt atá sé sin agus ní as tír na nGealt é ach as an oiread ach as tír na Dé Dans agus tá droch bhailigh ar thír na nGealt aige. Ach níl fhios a'm sa mórán faoi" adeir sé ach innsceócaidh an fear a bhfuil Diarmud aige chuile rud dhíb faoi."

D'ímtigh leóthab ansoin agus cé nós a raibh a raibh Diarmud ach a teach é fhéin agus a Rí eile agus mór shluaighthe go mbainfheadh siad a rioghacht dhe'n Rí eile. "Cáil tú dhul a Dhiarmud" adeir Fionn. "Go mbainfhidh mé an riogheacht dhe'n Rí eile sin" adeir Diarmud. "Nach mbeadh na Sorachaí cailte uilig agaibh marach mise" adeir Fionn "Tá tusa an tfear maith codhladhta a Dhiarmuid" adeir Fionn "nuair fhághans tú codladh le deanamh"céibrí codladh a rinne mé" adeir Diarmuid bhí mé i mo fhear mhaith ariamh." "Tuige nach dtáinig tú ar ais againn" adeir Fionn "beidh muid sáthach luath" adeir Diarmud. "Is mór an obair díb a dhul chomh fada leis na Fianna eile" adeir an Rí óg sé'n áit a bhfuil siad istigh i ngáirdín fathaigh ina gcúig chloch déug ach feucainn tusa iad a Dhiarmuid. "Feicim" adeir Diarmud. "Teighse chomh fada leóthab" adeir sé "agus marbhuigh an fathach agus fag an tslaitín dhraoidheachta agus an claimhe soluis agus poitín na hiochlainnte uaidh agus nuair a bheas siad leigheasta a'd gaibh chomh fada leis an nGiolla Deachrach.

Rinne siad siothcháin idir na Ríghte agus sheoladar leóthab go ndeachaigh siad go dtí tír na nGealt ba gearr an mhoill ar Dhiarmud a dhul ann mar bhí chuile fhios aige. Nuair a tháinigeadar i dtír níor stop siad ariamh go ndeachadar suas i gcúirt a bhí ann. Nuair a chonnaiceadar sin a teacht iad bíodar sgannruighthe mar ní raibh comhairle a' bith ag a Rí ann is ag an nGiolla Deacrach a bhí chuile chomhairle agusé ina dhraoieadóir ann. Fiarruigheadh dhóib cá raibh siad a dul. Dinnis siad dhóibh. "Nach bhfuil fhios agaibh" adeir bean a bhí ann "duine a bith a thug sé sin leis gur cuma dhó é". "Bhfuil gairdín an fhathaigh a bhfad uainn anseo" adeir Diarmud. "Tá sé ró ghar dhúinn" adeir a bhean "mar tá muid fágtha ar dhá bhó bhainne aige". "Tiubhrfhidh sibh dhomsa an dá bhó sin a mbáireach" adeir Diarmud go gcuirfhidh mé isteach sa ngáirdín iad."

Thug sé leis gur sé isteach sa ngáirdín iad. Sgearr go dtáinig a fathach "fú fa fiasóg" adeir a fathach "fághaim bálaith an Eireannaigh bhréugaigh bhradaigh níl fhios a'm ar dhe bhairialacha mo bhroga a chuirfheas mé tú nú dhe smúdar idir mo dhá laimh." D'ionnsuigh siad a chéile agus ní mórán a bhí Diarmud a dheanamh dhe go dtáinig a spideog" tuige nach gcuimnígeann tú ar a gcraobh" adeir sí. Chuimnigh Diarmud ar chuile rud ansoin agus chuir

sé an fathach sa talamh “talamh as do chionn a bhodaigh” adeir sé. “Creidim go b’eadh” adeir a fathach tiubhrfheadh méan tslaitín dhraoidheachta dhuit agud m’each caol dubh agus mo claimhe soluis agus poitín na hiochlainnte ach leig as seo mé. “Cá uaidh mé iad” adeir Diarmud. “Sa carg mhór sin thall.

Fuair Diarmud iad. Cá fhios domsa a bhfuil mait a bith leis an slaitín “ adeir Diarmud. Tríáil ar na liagáin sin iad” adeir a fathach. Thriáil agus rinne sé na ligheann beo. Bhain sé an cloigeann de’n fhathach. Chuaidh siad chomh fada leis an gcúirt ansoin agus fuair sé an each caol dubh. Thug sé suas an chúirt dho’n Rí ansoin “agus tá muide a dhul a tabhairt an Giolla Deacrach linn go hÉirinn adeir sé agus ní fheicfidh tú aon amharc aríst go dteo air fuair siad greim ar an nGiolla Deacrach ansoin agus chuir sé é ialach ar dhul amach sa bfarraige roimhe an tsoitheach agus chúig feara déag dhá chuid fir fhein a chuir a marcuigheacht ar a gcapall agus í chuir amach roimhe an tsoitheach freisin go dtáinig siad sa spota céaudna ar fhág siad agus chuaidh Diarmud amach as an soitheach ansoin agus rinne sé clocha. Dfág siad Tír na nGealt agus na Sorachaí saor. Ta an Giolla Deacrach agus an capall agus a chuid fear ina gclocha ag Binn Éudain fós.

29/5/32.